Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021
(OR. en)

9490/21

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2020/0264(COD)
2013/0186(COD)

AVIATION 148
CODEC 832
IA 110

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 9162/21 + ADD1-4 + AD1CO1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10840/20 + ADD 1, ST 10841/21 + COR 1, ST 11020/20 |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh (athmhúnlú)<br>Togra le haghaidh Rialachan ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair<br>- Cur chuige ginearálta (3 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo an cur chuige ginearálta ón gComhairle maidir leis na tograí thuasluaite a ghlac an Chomhairle ag an 3798ú cruinniú dá cuid an 3 Meitheamh 2021.

🡻 549/2004 (oiriúnaithe)

2013/0186 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh**

**(athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫ ~~lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach~~, agus go háirithe Airteagal ~~80(2)~~ ⌦ 100(2) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1 ~~IO L 241, 7.10.2002, lch. 24.~~ IO C […], […], lch. […].
2 ~~IO L 278, 14.11.2002, lch. 13.~~ IO C […], […], lch. […].

⇩ nua

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], agus Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] a leasú go substaintiúil. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar na Rialacháin, ba cheart iad a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

---

🡻 549/2004 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~D'fhonn an comhbheartas iompair a chur chun feidhme, tá gá le córas aeriompair éifeachtúil chun go mbeifear in ann seirbhísí aeriompair a oibriú ar bhealach sábháilte rialta, agus ar an dóigh sin, saorghluaiseacht carraí, daoine agus seirbhísí a éascú.~~

---

🡻 549/2004 aithris 2 (oiriúnaithe)

~~Ag an gcruinniú urghnách a bhí ag an gComhairle Eorpach i Liospóin an 23 agus 24 Márta 2000, d'iarr sí ar an gCoimisiún tograí a chur chun cinn maidir le bainistíocht aerspáis, rialú aerthráchta agus bainistíocht na sreibhe aerthráchta, bunaithe ar obair an Ghrúpa Ardleibhéil ar an Aerspás Eorpach Aonair a bhunaigh an Coimisiún. Chuir an Grúpa seo, ar údaráis aerloingseoireachta shibhialta agus mhíleata sna Ballstáit atá ann den chuid is mó, a thuarascáil isteach i Samhain 2000.~~

---

3 Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

4 Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10).

5 Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán aerspáis) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 20).

🡻 1070/2009 aithris 2 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(2) Ós rud é gur ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an chéad phacáiste reachtaíochta maidir leis an aerspás Eorpach aonair, eadhon, Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ~~an 10 Márta 2004 lena leagtar síos creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú~~ ~~(an creat-Rialachán)~~, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ~~an 10 Márta 2004 maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar san aerspás Eorpach aonair~~ ~~(an Rialachán soláthair seirbhíse)~~, Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ~~an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair~~ ~~(an Rialachán aerspáis)~~, agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] ~~an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta~~ ~~(an Rialachán idir-inoibritheachta)~~, leagadh síos bonn daingean dlí i gcomhair córas bainistíochta aerthráchta (BAT) atá comhleanúnach, idir-inoibritheach agus sábháilte. ⇨ Le glacadh an dara pacáiste, eadhon, Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[7]**, rinneadh tionscnamh an Aerspáis Eorpaigh Aonair a neartú tuilleadh trí choincheapa na scéime feidhmíochta agus an Bhainisteora Gréasáin a thabhairt isteach chun feidhmíocht ghreasán BAT na hEorpa a fheabhsú tuilleadh. Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 a aisghairm le Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[8]**, mar gur ionchorpraíodh na rialacha is gá maidir le hidir-inoibritheacht córas, comhdhamhnaí agus nósanna imeachta BAT sa Rialachán sin. ⇦

---

[6] Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (an Rialachán idir-inoibritheachta) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 26).

[7] Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, (CE) Uimh. 550/2004, (CE) Uimh. 551/2004 agus (CE) Uimh. 552/2004 d'fhonn fheidhmíocht agus inbhuanaitheacht chóras eitlíochta na hEorpa a fheabhsú (IO L 300, 14.11.2009, lch. 34).

[8] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, Uimh. 1008/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 996/2010, Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

⇩ nua

➲ Comhairle

(3) Chun na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/1139 a chur san áireamh, is gá ábhar an Rialacháin seo a ailíniú le hábhar Rialachán (AE) 2018/1139, ➲ agus, ag an am céanna, an Rialachán deiridh sin a leasú ➲ .

---

🡻 550/2004 aithris 3 (oiriúnaithe)

~~Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 (an creat-Rialachán)[9] an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú.~~

---

🡻 551/2004 aithris 4 (oiriúnaithe)

~~Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 (an creat-Rialachán)[10] an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú.~~

---

🡻 551/2004 aithris 5 (oiriúnaithe)

➲ Comhairle

(4) In Airteagal 1 de Choinbhinsiún Chicago 1944 um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, aithníonn na Stáit Chonarthacha go bhfuil 'ceannas iomlán agus eisiach ag gach stát ar an aerspás os cionn a chríche'. Is laistigh de chreat an cheannais sin a dhéanann Ballstáit an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ , faoi réir na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta is infheidhme, cumhachtaí údaráis phoiblí a fheidhmiú agus iad ag rialú aerthráchta.

➲ (4a) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do cheart agus freagrachtaí na mBallstát faoi Choinbhinsiún Chicago. ➲

---

9 ~~Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.~~

10 ~~Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.~~

| ➔ 1070/2009 aithris 1 |
|---|
| ➲ Comhairle |

(5) Chun an comhbheartas iompair a chur chun feidhme, tá gá le córas aeriompair éifeachtúil chun go mbeifear in ann seirbhísí aeriompair a oibriú ar bhealach sábháilte, rialta agus inbhuanaithe, rud a chuirfidh barr feabhais ar ➲ úsáid an aerspáis agus ar ⮌ thoilleadh➲, a rannchuideoidh le hinbhuaine na heitlíochta, ⮌ agus a éascóidh saorghluaiseacht earraí, daoine agus seirbhísí.

| ➔ 1070/2009 aithris 37 (oiriúnaithe) |
|---|
| ⇨ nua |

(6) Is gá an ghné dhaonna a chur san áireamh nuair atá na spriocanna a bhaineann le caighdeáin sábháilteachta aerthráchta a mhéadú agus feidhmíocht fhoriomlán BAT ⌦ agus seirbhísí aerloingseoireachta ⌫ (SAL) don aerthrácht i gcoitinne san Eoraip a fheabhsú á saothrú go comhuaineach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit ~~breithniú a dhéanamh i dtaobh~~ ⇨ seasamh leis ⇦ na prionsabail a ghabhann le 'cultúr cóir' ~~a thabhairt isteach~~. ⇨ Ba cheart tuairimí agus moltaí an tSainghrúpa maidir le Gné Chearta an Duine[11] den Aerspás Eorpaigh Aonair a mheas agus a chur san áireamh. ⇦

| ⇩ nua |
|---|
| ➲ Comhairle |

(7) Tá feabhsúcháin i bhfeidhmíocht chomhshaoil BAT ina rannchuidiú ➲ […] ⮌ freisin chun na cuspóirí atá i gComhaontú Pháras ➲ […] ⮌ sa ➲ Teachtaireacht ón gCoimisiún, sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún, agus sa Chlár Oibre Digiteach ⮌ ➲ […] ⮌ don Eoraip ➲ […] ⮌ a bhaint amach, go mór mór trí astaíochtaí eitlíochta a laghdú.

[11] C(2017) 7518 final

➲ (7a) Is acmhainn choiteann é an t-aerspás do gach catagóir úsáideoirí, agus ní mór dóibh uile é a úsáid ar bhealach solúbtha chun an chothroime agus an trédhearcacht a áirithiú, agus riachtanais slándála agus cosanta na mBallstát mar aon lena ngealltanais laistigh d'eagraíochtaí idirnáisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna. ➲

---

| ⬇ 549/2004 aithris 6 (oiriúnaithe) |
|---|
| ➲ Comhairle |

~~(8)~~ ➲ (8) ➲ ⌦ In 2004, ⌫ ghlac na Ballstáit ráiteas ginearálta maidir le cúrsaí míleata a bhaineann leis an Aerspás Eorpach Aonair ➲ [12] ➲ ➲ , ráiteas a d'athdhearbhaigh siad ó shin ➲ ~~[13]~~. De réir an ráitis sin, ba cheart do na Ballstáit, go háirithe, feabhas a chur ar an gcomhar idir lucht sibhialta/míleata agus, má mheasann na Ballstáit uile lena mbaineann gá a bheith leis agus go feadh an mhéid a mheasann siad gá a bheith leis, comhar a éascú idir a gcuid fórsaí armtha ó thaobh cúrsaí bainistíochta aerthráchta de.

---

| ⬇ 549/2004 aithris 3 |
|---|

~~Chun go n-oibreoidh an tseirbhís aeriompair go rianúil, tá gá le hardleibhéal comhsheasmhach sábháilteachta i seirbhísí aerloingseoireachta lenar féidir an úsáid is fearr is féidir a bhaint as aerspás na hEorpa agus tá gá le hardleibhéal comhsheasmhach sábháilteachta san aerthaisteal, atá i gcomhréir leis an dualgas a bhaineann le leas coiteann na seirbhísí aerloingseoireachta, lena n-áirítear oibleagáidí seirbhíse poiblí. Dá bhrí sin, ba cheart é a chur i gcrích de réir na gcaighdeán freagrachta agus inniúlachta is airde.~~

---

| ⬇ 549/2004 aithris 4 |
|---|

~~Ba cheart tionscnamh an Aerspáis Eorpaigh Aonair a fhorbairt i gcomhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as ballraíocht an Chomhphobail agus as ballraíocht a Bhallstát in Eurocontrol, agus i gcomhréir leis na prionsabail a leagadh síos ag Coinbhinsiún Chicago 1944 ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.~~

---

12 ➲ Féach IO L 96, 31.03.2004, lth 9. ➲
13 ~~Féach leathanach 9 den Iris Oifigiúil seo.~~

↓ 549/2004 aithris 5 (oiriúnaithe)
➲ Comhairle

(9) Cinntí a bhaineann lena bhfuil in oibríochtaí agus oiliúint mhíleata, lena raon feidhme agus lena ndéanamh, ní thagann siad faoi inniúlacht an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais faoi Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫.

➲ (9a) Féadfaidh na Ballstáit, in éineacht le tríú tíortha i gcás inarb ábhartha, bloic feidhme aerspáis a bhunú chun comhar agus comhordú níos fearr a fhorbairt d'fhonn feidhmíocht an ghréasáin bainistithe aerthráchta a chothú laistigh den Aerspás Eorpach Aonair agus tionchar níos lú a fhágáil ar an gcomhshaol. ➲

↓ 549/2004 aithris 23 (oiriúnaithe)

~~Rinne Ríocht na Spáinne agus an Ríocht Aontaithe socruithe le haghaidh comhar níos mó maidir le húsáid aerfort Ghiobráltar a chomhaontú i Londain an 2 Nollaig 1987 i ndearbhú comhpháirteach ó Airí Gnóthaí Eachtracha an dá thír sin. Níor tháinig na socruithe sin i bhfeidhm fós.~~

↓ 550/2004 aithris 1

~~Tá a bheagán nó a mhórán d'athstruchtúrú déanta ag na Ballstáit ar a gcuid soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta trí mhéadú a dhéanamh ar a neamhspleáchas agus ar an tsaoirse atá acu seirbhísí a sholáthar. De réir a chéile, is mó an gá atá lena áirithiú go gcomhlíonfar na híoscheanglais maidir le leas an phobail sa timpeallacht nua sin.~~

↓ 550/2004 aithris 4

~~D'fhonn aerspás Eorpach aonair a chruthú, ba cheart bearta a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar seirbhísí aerloingseoireachta, atá i gcomhréir le heagrú agus úsáid aerspáis mar a fhoráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán aerspáis), a sholáthar go sábháilte éifeachtúil[14]. Tá sé tábhachtach eagraíocht chomhchuibhithe a bhunú le haghaidh soláthar seirbhísí den sórt sin chun freastal go leormhaith ar riachtanais na n-úsáideoirí aerspáis agus chun aerthrácht a rialáil go sábháilte éifeachtúil.~~

↓ 551/2004 aithris 1

~~Is gá cur chuige comhchuibhithe le haerspás Eorpach aonair a chruthú chun eagrú agus úsáid an aerspáis a rialáil.~~

↓ 551/2004 aithris 2 (oiriúnaithe)

~~I dtuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar aerspás Eorpach aonair i Samhain 2000, meastar gur cheart aerspás a leagan amach, a rialáil agus a bhainistiú go straitéiseach ar bhonn Eorpach.~~

↓ 551/2004 aithris 3 (oiriúnaithe)

~~I dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Samhain 2001 faoi chruthú aerspás Eorpach aonair, éilítear athchóiriú struchtúrach le cruthú aerspás Eorpach aonair a cheadú, é seo le bheith déanta le bainistiú aerspáis atá níos comhtháite de réir a chéile agus le forbairt coincheapa agus nósanna imeachta nua chun aerthrácht a bhainistiú.~~

14 ~~Féach leathanach 20 den Iris Oifigiúil seo.~~

↓ 551/2004 aithris 6

~~Is comhacmhainn í an t-aerspás do gach catagóir úsáideoirí ar gá dóibh ar fad úsáid sholúbtha a bhaint aisti. Is mar seo a chinnteofar cothroime agus trédhearcacht ach go dtabharfar san áireamh ag an am céanna riachtanais na mBallstáit ó thaobh slándála agus cosanta de agus a gceangaltais taobh istigh d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.~~

↓ 551/2004 aithris 7

~~Is prionsabal bunúsach é bainistiú éifeachtach aerspáis chun cumas an chórais seirbhísí aerthráchta a mhéadú, chun an fhreagairt is fearr a chur ar fáil do riachtanais éagsúla úsáideoirí agus chun an úsáid is solúbtha d'úsáid aerspáis a bhaint amach.~~

↓ 549/2004 aithris 8

~~Mar gheall ar na cúiseanna sin ar fad, agus d'fhonn an tAerspás Eorpach Aonair a leathnú chun níos mó Stát Eorpach a chumhdach, ba cheart don Chomhphobal, agus na forbairtí a tharlaíonn laistigh de Eurocontrol á gcur san áireamh aige, cuspóirí comhchoiteanna agus clár gníomhaíochta a leagan síos chun iarrachtaí an Chomhphobail, na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara eacnamaíocha éagsúla a thabhairt le chéile d'fhonn aerspás oibríochtúil níos comhtháite a chruthú: an tAerspás Eorpach Aonair.~~

↓ 549/2004 aithris 24

~~Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit astu féin cuspóir an Rialacháin seo, is é sin an tAerspás Eorpach Aonair a chruthú, a ghnóthú go leordhóthanach, de dhroim scéala trasnáisiúnta na gníomhaíochta, agus gur fearr is féidir, dá bhrí sin, é a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail Aontais, féadfaidh an Comhphobal Aontais bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh, agus san am céanna rialacha cur chun feidhme mionsonraithe a éascú lena gcuirtear dálaí áitiúla sonracha san áireamh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.~~

↓ 549/2004 aithris 9

~~I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit beart chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an Chomhphobail, ba cheart na húdaráis a fhíoraíonn an comhlíonadh a bheith neamhspleách a ndóthain ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.~~

---

↓ 549/2004 aithris 10

~~Maidir le seirbhísí aerloingseoireachta, go háirithe seirbhísí aerthráchta atá inchomparáide le húdaráis phoiblí, is gá dóibh a bheith scartha ó thaobh feidhme agus struchtúir de, agus eagraítear iad de réir foirmeacha dlíthiúla an-éagsúil sna Ballstáit éagsúla.~~

---

↓ 549/2004 aithris 11

~~I gcás ina mbeidh gá le hiniúchtaí neamhspleácha maidir le soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, ba cheart na cigireachtaí a dhéanann údaráis iniúchóireachta oifigiúla na mBallstát ina soláthraíonn an t-údarás riaracháin na seirbhísí sin, nó ina soláthraíonn comhlacht poiblí atá faoi réir maoirseacht ag na húdaráis thuasluaite iad, ba cheart na cigireachtaí sin a aithint mar iniúchtaí neamhspleácha, is cuma cé acu a fhoilsítear na tuarascálacha iniúchóireachta a tarraingíodh suas nó nach bhfoilsítear.~~

➜ 1070/2009 aithris 9 (oiriúnaithe)

⇨ nua

➲ Comhairle

(10) ➲ Ba cheart do na Ballstáit údarás maoirseachta náisiúnta a ainmniú d'fhonn na cúraimí a shanntar d'údarás den sórt sin faoin Rialachán seo a ghlacadh chucu féin. ➲ Ionas go n-áiritheofar maoirseacht chomhsheasmhach fhónta ar sholáthar seirbhísí ar fud na hEorpa, ba cheart go mbeadh ráthaíocht ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta maidir le neamhspleáchas leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha a bheith acu. ➲ Go háirithe, ba cheart do mhaoiniú na n-údarás sin a neamhspleáchas a ráthú agus ba cheart a cheadú dóibh feidhmiú i gcomhréir le prionsabail na cothroime, na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta. Ba cheart d'fhoireann na n-údarás maoirseachta náisiúnta gníomhú go neamhspleách, go háirithe trí choinbhleachtaí leasa a sheachaint idir soláthar seirbhísí aerloingseoireachta agus cur i gcrích a gcúraimí. ➲ Níor cheart go gcuirfeadh ~~an neamhspleáchas~~ sé sin cosc ar ~~na húdaráis sin~~ ⌦ údarás maoirseachta náisiúnta ⌫ ⇨ a bheith ina chuid d'údarás rialála atá inniúil i roinnt earnálacha rialáilte más rud é go gcomhlíonann an t-údarás rialála sin na ceanglais neamhspleáchais, nó níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar ➲ é a bheith nasctha i dtéarmaí a eagrúcháin go háirithe ➲ ➲ […] ➲➲ leis an ➲ údarás ➲ […] ➲ ➲ inniúil ➲ náisiúnta ➲ […] ➲ ➲ de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 nó leis an údarás iomaíochta náisiúnta ➲ .⇦ ~~a gcúraimí a fheidhmiú laistigh de chreat riaracháin~~.

⇩ nua

➲ Comhairle

(11) ➲ […] ➲

➔ 1070/2009 aithris 10

⇨ nua

(12) Tá ról lárnach ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i gcur chun feidhme an ~~a~~Aerspáis Eorpaigh ~~a~~Aonair agus ba cheart ~~don Choimisiún~~ ⇨ dóibh ⇦, dá bhrí sin, ~~comhar a éascú eatarthu~~ ⇨ comhoibriú le chéile ⇦ chun malartú ⇨ faisnéise a éascú maidir lena gcuid oibre agus le prionsabail chinnteoireachta, ⇦ dea-chleachtas ⇨ agus nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo chomh maith ⇦ a chumasú agus cur chuige comhchoiteann a fhorbairt, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe ar leibhéal réigiúnach. Ba cheart go mbeadh an comhar sin ann ar bhonn rialta.

➔ 550/2004 aithris 6

~~Tá na Ballstáit freagrach as faireachán a dhéanamh ar sholáthar sábháilte éifeachtúil seirbhísí aerloingseoireachta agus as rialú a dhéanamh ar na ceanglais choiteanna arna mbunú ar leibhéal an Chomhphobail a bheith á gcomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.~~

➔ 550/2004 aithris 7

~~Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit a chur de chúram ar eagraíochtaí aitheanta a bhfuil taithí theicniúil acu a fhíorú go bhfuil na ceanglais choiteanna, arna mbunú ar leibhéal an Chomhphobail, á gcomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.~~

➔ 549/2004 aithris 17 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a chur ar an eolas, agus ba cheart dul i gcomhairle leo, ar bhealach iomchuí faoi gach beart a bhfuil impleachtaí móra sóisialta ag baint leis. Ba cheart dul i gcomhairle freisin leis an gCoiste um Idirphlé Earnála a bunaíodh le Cinneadh 1998/500/CE ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 1998 maidir le bunú Coistí um Idirphlé Earnála chun idirphlé idir na comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach~~~~[15]~~.

⇩ nua

➲ Comhairle

(13) ➲ […] ➲

(14) ➲ […] ➲ ➲ Ba cheart go mbeadh soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta in ann seirbhísí a thairiscint san Aontas faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha i gcás ina bhfuil deimhniú nó dearbhú ina sheilbh aige de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139.

15 ~~IO L 225, 12.8.1998, lch 27.~~

(14a) De bhun Airteagal 2, mír 3, c), de Rialachán (AE) 2018/1139, níl feidhm ag an Rialachán sin, lena n-áirítear na ceanglais deimhniúcháin a leagtar síos in Airteagal 41 de, maidir le BAT/SAL arna soláthar nó arna gcur ar fáil ag an arm. Dá réir sin, ba cheart na Ballstáit a údarú freisin soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta sin a cheadú san aerspás ar fad nó i gcuid den aerspás atá faoina gcúram gan deimhniúchán agus/nó gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ina iomláine nó go páirteach. Sna cásanna sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, go háirithe, a bheith in ann na soláthraithe seirbhísí míleata lena mbaineann a ainmniú chun seirbhísí aerthráchta nó seirbhísí meitéareolaíocha (SM) a sholáthar i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(14b) Ní éilíonn an Rialachán seo go ndéanfar comharthaí arna soláthar ag Córais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) a dheimhniú. ⮌

(15) Níor cheart aon idirdhealú a bheith ann idir úsáideoirí aerspáis a fhad a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta coibhéiseacha a sholáthar.

(16) Ba cheart ➲ […] ⮌ seirbhísí aerthráchta a sholáth ➲ a ⮌ r ➲ […] ⮌ ar bhonn eisiach ➲ . Ba cheart soláthraithe seirbhísí den sórt sin a bheith ⮌ faoi réir ainmniúcháin agus ➲ […] ⮌ ceangla ➲ i ⮌ s ➲ […] ⮌maidir le leas an phobail ➲ i ndáil go háirithe leis an tsláindáil agus leis an gcosaint náisiúnta, chomh maith leis an áit a bhfuil a bpríomháit ghnó agus a n-úinéireacht. I ndáil leis sin, ba cheart a chur san áireamh go bhfuil baint ag soláthar seirbhísí aerthráchta, mar a bheartaítear leis an Rialachán seo, le feidhmiú cumhachtaí údaráis phoiblí, nach cumhachtaí eacnamaíocha iad agus nach bhfuil, dá bhrí sin, faoi réir rialacha an Chonartha maidir le hiomaíocht.

(16a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear cosc faoina ndlí náisiúnta ar sholáthraí seirbhísí aerthráchta a ainmniú ar an bhforas, go háirithe, go bhfuil a phríomháit ghnó ag an soláthraí seirbhísí lena mbaineann i mBallstát eile nó gur le náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit sin é nó í i gcás ina gcuireann cur i bhfeidhm an dlí náisiúnta sin srian gan údar ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar nó ar an tsaoirse bhunaíochta, agus ba cheart an srian sin a mheasúnú ar bhonn gach cáis faoi leith i bhfianaise na n-imthosca ábhartha uile.

(16b) Ar bhonn a n-anailíse ar chúrsaí sábháilteachta, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann soláthraí amháin nó níos mó soláthraithe SM a ainmniú ar bhonn eisiach i leith an aerspáis ar fad atá faoina gcúram nó i leith cuid de, gan aon ghá le glao ar thairiscintí a eagrú.

(16c) Is uirlis thábhachtach é an comhar idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta chun feidhmíocht fhoriomlán chóras BAT na hEorpa a fheabhsú agus ba cheart é a spreagadh. ⮌

(17) ➲ Ar bhonn a n-anailíse ar ghnéithe sábháilteachta, féadfaidh na Ballstáit a cheadú do ⮌ ➲ […] ⮌ s ➲ h ⮌ oláthraithe seirbhísí aerthráchta nó ➲ […] ⮌➲ d' ⮌ oibreoirí aerfoirt, ➲ nó do ghrúpa oibritheoiri aerfoirt, ⮌ seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais (CLF), seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta (SFA), seirbhísí sonraí aerthráchta (SSA), seirbhísí meitéareolaíocha ➲ , ach amháin i gcás ina n-ainmneoidh an Ballstát lena mbaineann soláthraí aonair SM, ⮌ nó seirbhísí aerthráchta críochfoirt a fháil ➲ , chun aeradróim a rialú agus chun ascnaimh a rialú ➲ […] ⮌ . Leis an bhféidearthacht dul i muinín an tsoláthair sin, ➲ féadfaidh ⮌ ➲ […] ⮌ níos mó solúbthachta ➲ a bheith ⮌ ann agus ➲ féadfar ⮌ ➲ […] ⮌ ➲ an ⮌ nuálaíocht i seirbhísí ➲ a chur ⮌ chun cinn, gan difear a dhéanamh do➲ n tsábháilteacht ná do ⮌ riachtanais shonracha ➲ , lena n-áirítear riachtanais shonracha ⮌ an airm, i dtaca le rúndacht, idir-inoibritheacht, athléimneacht córais, rochtain ar shonraí, agus slándáil BAT.

(18) I gcás ina ➲ bhfaightear SM nó ⮌ seirbhísí aerthráchta críochfoirt ➲ do rialú aeradróim agus rialú ascnaimh ⮌ , níor cheart iad a bheith faoi réir na scéime ➲ […] ⮌➲ feidhmíochta ⮌ a leagtar amach sa Rialachán seo. ➲ […] ⮌

(19) ➲ […] ⮌

(20) I gcás inarb infheidhme, ba cheart soláthar seirbhísí aerloingseoireachta a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] […] agus Treoir 2014/25/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] ➲ […] ⮌ ➲ mura bhforáiltear a mhalairt faoin Rialachán seo, agus i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta mar aon leis na forálacha is infheidhme den Chonradh, go háirithe rialacha an Chonartha maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus an tsaoirse bhunaíochta. ⮌

---

**16 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).**

**17 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243)**.

(21) Chun bainistiú tráchta a dhéanamh ar aerárthaí gan foireann, is gá seirbhísí coiteanna faisnéise a bheith ar fáil. Chun na costais a bhaineann le bainistiú tráchta den sórt sin a shrianadh, ba cheart praghsanna ar sheirbhísí coiteanna faisnéise ➲ arna soláthar ar bhonn eisiach ➲ a bhunú ar chostas agus ar uasmharcáil réasúnta chun brabús a dhéanamh, agus iad a bheith faoi réir fhormheas na n-údarás maoirseachta náisiúnta. Chun soláthar na seirbhíse a chumasú, ba cheart ➲ rochtain ar na sonraí ábhartha oibríochtúla a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí coiteanna faisnéise ➲ ➲ […] ➲ ➲ ar théarmaí cothroma, réasúnacha, agus neamh-idirdhealaitheacha. ➲

➲ (21a) Tá infhaighteacht sonraí oibríochtúla ábhartha i ndáil le haerthrácht ginearálta fíor-riachtanach chun soláthar solúbtha seirbhísí sonraí aerthráchta, ar bhonn trasteorann agus ar fud an Aontais, a chumasú. Dá bhrí sin, ba cheart sonraí den sórt sin a chur ar fáil do gheallsealbhóirí ábhartha ar théarmaí cothroma, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Cruinneas na faisnéise lena n-áirítear maidir le stádas aerspáis agus cásanna sonracha aerthráchta agus dáileadh tráthúil na faisnéise sin ar rialaitheoirí sibhialta agus míleata, bíonn tionchar díreach aige sin ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht oibríochtaí, lena n-áirítear éifeachtúlacht chomhshaoil eitiltí. Tá rochtain thráthúil ar fhaisnéis atá cothrom le dáta maidir le stádas aerspáis fíor-riachtanach do gach páirtí ar mian leis leas a bhaint as struchtúir aerspáis a chuirtear ar fáil agus a bpleananna eitilte á gcomhdú nó á n-athchomhdú aige. ➲

(22) Leis na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, ➲ ba cheart go n-áiritheofaí go n-oibreoidh an córas BAT Eorpach ar bhealach éifeachtúil, inbhuanaithe agus leanúnach; ➲ tá sé beartaithe ➲ i ngeall ar na scéimeanna sin ➲ go ndéanfar seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthraítear faoi dhálaí seachas dálaí an mhargaidh níos éifeachtúla ó thaobh costais de agus cáilíocht seirbhíse níos fearr a chur chun cinn. ➲ […] ➲ I bhfianaise an chuspóra sin, níor cheart go gcumhdófaí leis ➲ […] ➲➲ an ➲ scéim ➲ […] ➲ feidhmíochta ➲ […] ➲ seirbhísí arna ➲ […] ➲ ➲ bhfáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart go gcumhdódh an scéim feidhmíochta na seirbhísí aerloingseoireachta uile a sholáthraíonn nó a fhaigheann soláthraí seirbhísí aerthráchta ó sholáthraithe seirbhísí eile, lena n-áirítear nuair a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí sin seirbhísí aerloingseoireachta agus seirbhísí aerthráchta. ➲ ➲ […] ➲

➲ (22a) Féadfar Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (CAF) a ainmniú chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta maidir le cur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe. ➲

(23) ➲ […] ➲

(24) ➲ […] ➲

(25) I bhfianaise na n-eilimintí trasteorann agus gréasáin is gné dhílis de sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta ➲ , ba cheart feidhmíocht ➲ faoi bhealach ➲ […] ➲ ➲ a ➲ m ➲ h ➲ easúnú ➲ […] ➲ de réir spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais ➲ […] ➲.

➲ (25a) I bhfianaise an eolais atá acu ar na cúinsí áitiúla, ba cheart go mbeadh na Ballstáit agus a n-údaráis mhaoirseachta náisiúnta i gceannas ar na dréachtphleananna feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a ullmhú agus a ghlacadh. Ba cheart na pleananna sin a bheith bunaithe go háirithe ar ionchur an tsoláthraí nó na soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe ➲ […] ➲i leith na seirbhísí aerloingseoireachta go léir a sholáthraíonn nó a fhaigheann na soláthraithe seirbhísí sin. Ba cheart don Choimisiún a bheith i gceannas ar mheasúnú na bpleananna sin. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a bheith i gceannas freisin ar fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht ➲ […] ➲soláthraithe seirbhísí aerthráchta ➲ […] ➲ agus ar bhearta ceartaitheacha a fhorchur, i gcás inarb iomchuí ➲

(26) Ba cheart go mbeadh ➲ spriocanna feidhmíochta faoi bhealach sna ➲ dréachtphleananna feidhmíochta ➲ […] ➲ ➲ agus iad ➲ i gcomhréir le ➲ spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, chomh maith le spriocanna feidhmíochta foirceannaidh i réimsí tábhachtacha feidhmíochta an chomhshaoil, acmhainneachta agus cost-éifeachtúlachta, agus imthosca áitiúla agus idirspleáchas idir príomhréimsí feidhmíochta agus sábháilteacht á gcur san áireamh ag an am céanna, agus ➲ critéir cháilíochtúla áirithe ➲ a chomhlíonadh ➲ chun a áirithiú, a oiread agus is féidir, go mbaintear amach ar bhealach éifeachtach na spriocanna a leagadh síos➲ […] ➲

(27) Ba cheart ➲ feidhmíocht ➲ ➲ […] ➲ ➲ an gh ➲➲ […] ➲ réasáin a bheith faoi réir critéir ➲ shonracha ➲ ➲ […] ➲ , ag féachaint do chineál ar leith ➲ […] ➲ f ➲ h ➲ eidhmeanna ➲ an ghréasáin ➲ sin. Ba cheart ➲ don gh ➲ ➲ […] ➲ réasáin ➲ a bheith ➲ faoi réir spriocanna feidhmíochta sna príomhréimsí feidhmíochta: ➲ an comhshaol ➲, ➲ […] ➲toilleadh agus cost-éifeachtúlacht.

(28) Ba cheart go mbeadh an scéim muirearaithe bunaithe ar an bprionsabal gur cheart d'úsáideoirí aerspáis íoc as an gcostas a thabhaítear as soláthar na seirbhísí a ➲ chuirtear ar fáil dóibh ➲ ➲ […] ➲➲ nó a chuirtear ar fáil chun a leasa ach ➲ […] ➲ ➲ nach gcumhdaítear ➲ ➲ […] ➲ ar shlí eile➲ […] ➲. ➲ Féadfar ➲ na costais ➲ i ndáil ➲ ➲ […] ➲ ➲ le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta arna dtabhú ag údaráis náisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear na húdaráis inniúla náisiúnta agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta chomh maith le EUROCONTROL agus ➲ ➲ […] ➲an ➲ […] ➲ Bainisteoir Gréasáin, a chur san áireamh sna costais a chinntear a bheidh incháilithe le muirearú ar úsáideoirí aerspáis. Trí bhíthin muirear, ba cheart go gcuirf ➲ í ➲ ➲ […] ➲ chun cinn soláthar seirbhísí aerloingseoireachta atá sábháilte, éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta agus cost-éifeachtúlachta a bhaint amach chomh maith leis na spriocanna feidhmíochta a chomhlíonadh, agus go ➲ dtacófaí le ➲ ➲ […] ➲ tionchar comhshaoil na heitlíochta ➲ […] ➲ ➲ a ➲ laghdú ag an am céanna.

(29) ➲ […] ➲ ➲ Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit ➲ modhnú ➲ a dhéanamh ar ➲ m ➲ h ➲ uir ➲ i ➲ ➲ […] ➲ r chun feidhmíocht chomhshaoil agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, go háirithe trí úsáid mhéadaithe a bhaint as breoslaí malartacha inbhuanaithe, acmhainneacht mhéadaithe agus laghdú moilleanna, agus an leibhéal sábháilteachta is fearr is féidir á choinneáil san am céanna. ➲ […] ➲ ➲ Ba cheart don Choimisiún staidéar féidearthachta a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag modhnú muirear ar aerthrácht agus ar gheallsealbhóirí, agus ar rannchuidiú an mhodhnaithe sin chun cuspóirí an Aerspáis Eorpaigh Aonair a bhaint amach ➲ .

(30) ➲ […] ➲

➲ (30a) Ba cheart sásraí a bhunú i dtaca leis na spriocanna feidhmíochta, amhail síneadh a chur leo, tréimhse thagartha leanúnach a chur ar fionraí, nó oiriúnú a dhéanamh orthu thar thréimhse thagartha, chun aghaidh a thabhairt ar theagmhais shuntasacha nach féidir a thuar a mbeadh tionchar ábhartha acu ar chur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, i gcás ina bhféadfadh diall suntasach ó réamhaisnéisí tráchta a bheith ann. ➲

➲ (30b) Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 258 CFAE, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na Ballstáit i ndáil le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach faoi na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé tuairim a eisiúint maidir le cibé acu ar comhlíonadh na ceanglais sin nó nár comhlíonadh ➲

(31) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le trédhearcacht chuntais na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, mar bhealach amháin chun tras-fhóirdheonú agus saobhadh ina dhiaidh sin a chosc.

(32) Ba cheart d'fheidhmeanna gréasáin ➲ […] ➲rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe an chórais aeriompair agus tacú le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a bhaint amach. Ba cheart go n- ➲ éascófaí ➲ ➲ […] ➲leo go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as an aerspás agus as acmhainní tearca ar bhealach inbhuanaithe, éifeachtúil agus glas, go mbe ➲ idís ➲ ➲ […] ➲ i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla agus bonneagar gréasáin BAT na hEorpa á imlonnú, agus go mbeadh tacaíocht ar fáil leo i gcás géarchéimeanna gréasáin.

➲ (32a) Is gá go mbeadh roinnt feidhmeanna gréasáin, amhail bainistiú na sreibhe aerthráchta, á gcomhordú go lárnach ag comhlacht aonair amháin chun tacú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ag na geallsealbhóirí oibríochtúla ábhartha. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhainisteoir Gréasáin roinnt cúraimí a chuireann le cur i gcrích na bhfeidhmeanna sin a chur i gcrích, agus ba cheart go mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha oibríochtúla go léir bainteach lena ghníomhaíocht. Ba cheart cúraimí sonracha an Bhainisteora Gréasáin a leagan síos sa Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún an Bainisteoir Gréasáin a cheapadh. Ba cheart don Choimisiún Eurocontrol a cheapadh, i bhfianaise an tsaineolais fhairsing atá ag an eagraíocht sin i réimse na heitlíochta, nó comhlacht neamhchlaonta inniúil eile, chun na cúraimí sin a chur i gcrích. ➲

(33) ➲ Ba cheart do gheallsealbhóirí oibríochtúla, a bhfuil orthu feidhmeanna gréasáin a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal oibríochtúil, mar aon leis na Ballstáit, a bheith rannpháirteach go hiomlán i gcur chun feidhme na bhfeidhmeanna sin agus sa phróiseas cinnteoireachta. Dá réir sin, ba cheart don Bhainisteoir Gréasáin bearta a dhéanamh trí chinnteoireacht chomhoibritheach a bheadh bunaithe go háirithe ar an gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí oibríochtúla agus leis na Ballstáit agus ar shocruithe mionsonraithe oibre agus ar phróisis oibríochta. Sa phróiseas cinnteoireachta comhoibritheach sin ➲ ➲ […] ➲ , ba cheart leas an ghréasáin a chur chun cinn ➲ a mhéid is féidir, gan dochar do riachtanais slándála agus cosanta, agus ionas go réiteofar saincheisteanna agus go dtiocfar ar chomhthoil nuair is féidir. Thairis sin, chun rialachas iomchuí a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna gréasáin a áirithiú, ba cheart Bord Bainistíochta Gréasáin a bhunú, a áiritheoidh go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar leasanna na ngníomhaithe uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na bhfeidhmeanna sin. Gan dochar don chomhairliúchán leis an mBord Bainistíochta Gréasáin maidir le cinntí rialála nó straitéiseacha amhail an Plean Straitéise Gréasáin a fhormhuiniú, ba cheart na bearta arna nglacadh trí chinnteoireacht chomhoibríoch agus ag an mBord Bainistíochta Gréasáin a bheith oibríochtúil nó teicniúil, lena n-áiritheofar oibriú an ghréasáin ó lá go lá i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo ➲ ➲ […] ➲ . ➲ Ba cheart cumhachtaí cinnteoireachta an Bhainisteora Gréasáin agus an Bhoird Bainistíochta Gréasáin, chomh maith le raon feidhme an phróisis cinnteoireachta comhair, a shainiú go soiléir. Ba cheart gníomhartha arna nglacadh faoi chuimsiú na bhfeidhmeanna gréasáin a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach de réir mar is iomchuí i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh. ➲

(34) ➲ […] ➲

---

↓ 1070/2009 aithris 11 (oiriúnaithe)

~~Na coinníollacha a ghabhann le deimhnithe, ba cheart údar oibiachtúil a bheith leo agus ba cheart go mbeidís neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus trédhearcach, agus comhoiriúnach do na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha.~~

---

↓ 550/2004 aithris 2 (oiriúnaithe)

~~Deimhníodh sa tuarascáil a thug an Grúpa Ardleibhéil ar an Aerspás Eorpach Aonair i Samhain 2000 go bhfuil gá le rialacha ar leibhéal an Chomhphobail chun idirdhealú a dhéanamh idir rialáil agus soláthar seirbhísí agus chun córas deimhniúcháin a thabhairt isteach d'fhonn ceanglais maidir le leas an phobail a chaomhnú, go háirithe ó thaobh sábháilteachta de, agus chun feabhas a chur ar shásraí muirearaithe.~~

↓ 550/2004 aithris 10

Gan dochar do leanúnachas soláthair seirbhísí, ba cheart córas coiteann a bhunú chun soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a dheimhniú, córas a thabharfaidh caoi ar chearta agus oibleagáidí na soláthraithe sin a shainiú agus ar fhaireachán a dhéanamh go tráthrialta ar chomhlíonadh na gceanglas sin.

↓ 550/2004 aithris 12

Ba cheart go mbeadh na deimhnithe aitheanta go frithpháirteach ag na Ballstáit uile chun go mbeidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta in ann seirbhísí a sholáthar i mBallstát seachas an tír ina bhfuair siad a ndeimhnithe, laistigh de theorainneacha na gceanglas sábháilteachta.

↓ 550/2004 aithris 14

D'fhonn go n-éascófar láimhseáil shábháilte aerthráchta trasna theorainneacha na mBallstát chun leasa úsáideoirí aerspáis agus a gcuid paisinéirí, ba cheart soláthar a dhéanamh sa chóras deimhniúcháin do chreat chun caoi a thabhairt do na Ballstáit ar sholáthraithe seirbhísí aerthráchta a ainmniú, gan beann ar an áit ar deimhníodh iad.

↓ 550/2004 aithris 5

Maidir le soláthar seirbhísí aerthráchta, mar a bheartaítear leis an Rialachán seo, baineann sé le feidhmiú cumhachtaí údaráis áitiúil, ar cumhachtaí nach de chineál eacnamaíoch iad lena dtugtar údar rialacha iomaíochta an Chonartha a chur i bhfeidhm.

↓ 550/2004 aithris 13

Ba cheart soláthar seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta, agus faireachais, chomh maith le seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta, a eagrú faoi choinníollacha margaidh, agus san am céanna, sainghnéithe na seirbhísí sin a chur san áireamh agus ardleibhéal sábháilteachta a choinneáil.

↓ 550/2004 aithris 15

~~Ar bhonn na hanailíse a dhéanfaidh siad ar chúrsaí sábháilteachta, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann soláthraí nó soláthraithe seirbhísí meitéareolaíocha a ainmniú i ndáil leis an aerspás atá faoina gcúram nó i ndáil le cuid de, gan aon ghá le glao ar thairiscintí a eagrú.~~

↓ 550/2004 aithris 19

~~Ba cheart na muirir a ghearrfar ar úsáideoirí aerspáis a bheith cothrom trédhearcach.~~

↓ 550/2004 aithris 20

~~Ba cheart go gcuirfí ar fáil leis na muirir a ghearrfar ar úsáideoirí íocaíocht as na saoráidí agus na seirbhísí a sholáthraíonn na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus na Ballstáit. Ba cheart leibhéal na muirear a ghearrfar ar úsáideoirí a bheith comhréireach leis an gcostas, agus na cuspóirí sábháilteachta agus éifeachtúlachta eacnamaíche á gcur san áireamh.~~

↓ 550/2004 aithris 21

~~Níor cheart aon idirdhealú a bheith ann idir úsáideoirí aerspáis a fhad a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta coibhéiseacha a sholáthar.~~

↓ 550/2004 aithris 22

~~Tairgeann soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta saoráidí agus seirbhísí áirithe a bhaineann go díreach le hoibriú aerárthaí, agus ba cheart go mbeidís ábalta na costais a ghabhann leo sin a ghnóthú de réir an phrionsabail "íoc mar a úsáidtear", is é sin le rá gur cheart go n-íocfadh úsáideoirí aerspáis as na costais a chruthaíonn siad ag an bpointe úsáide nó chomh cóngarach agus is féidir don phointe úsáide.~~

↓ 550/2004 aithris 23

Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh na costais a ghabhann leis na saoráidí nó na seirbhísí sin trédhearcach. Dá réir sin, aon athrú a dhéanfar ar an gcóras nó ar an leibhéal muirear, ba cheart é a mhíniú do na húsáideoirí aerspáis; aon athrú nó infheistiú den sórt sin a mholfaidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, ba cheart é a mhíniú mar chuid de mhalartú faisnéise idir comhlachtaí bainistíochta na soláthraithe agus na húsáideoirí aerspáis.

↓ 550/2004 aithris 24

Ba cheart deis a bheith ann modhnú a dhéanamh ar mhuirir a chuireann le toilleadh ar fud an chórais a uasmhéadú. Féadfaidh sé gur bealach úsáideach a bheadh i ndreasachtaí airgid le dlús a chur le tabhairt isteach trealaimh ar talamh nó trealaimh san aer a mhéadaíonn toilleadh, le hardfheidhmíocht a chúiteamh nó le fritháireamh a dhéanamh ar an míchaoithiúlacht a bhaineann le ródúcháin níos measa a roghnú.

↓ 550/2004 aithris 25

I bhfianaise an ioncaim sin a tugadh isteach chun go ngnóthófaí brabús réasúnach ar shócmhainní, agus i gcomhchoibhneas díreach leis an gcoigilteas a rinneadh le feabhsúcháin éifeachtúlachta, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann cúlchiste a bhunú d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag méadú tobann ar mhuirir ar úsáideoirí aerspáis le linn tráthanna a bheadh laghdú ar leibhéal an tráchta.

↓ 550/2004 aithris 26

Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann cabhair airgeadais shealadach a eagrú le haghaidh na mbeart arb é is aidhm dóibh toilleadh chóras rialaithe aerthráchta na hEorpa ina iomláine a mhéadú.

↓ 550/2004 aithris 27

Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh go rialta, i gcomhar le Eurocontrol agus le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus le húsáideoirí aerspáis, ar bhunú agus ar fhorchur muirear ar úsáideoirí aerspáis.

↓ 551/2004 aithris 8

~~Dearbhaíonn gníomhaíochtaí Eurocontrol nach féidir gréasán na mbealaí agus struchtúr an aerspáis a fhorbairt go leithliseach ó tharla gur eilimint dhílis den Ghréasán Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta (EATMN) gach aon Bhallstát, laistigh den Chomhphobal agus lasmuigh de.~~

↓ 551/2004 aithris 13

~~Is den riachtanas é go mbainfear amach struchtúr aerspáis comhchoiteann comhchuibhithe ó thaobh bealaí agus carnálacha de, go mbeidh comhphrionsabail ann mar bhonn le heagrúchán an aerspáis mar atá anois agus mar a bheidh amach anseo, agus go leagfar amach agus go mbainisteofar an t-aerspás i gcomhréir le rialacha comhchuibhithe.~~

⇩ nua

➲ Comhairle

(35) ➲ [...] ➲

↓ 550/2004 aithris 16

~~Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta dlúthchomhar a bhunú agus a choinneáil le húdaráis mhíleata atá freagrach as gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don aerthrácht ginearálta, trí shocruithe iomchuí.~~

↓ 550/2004 aithris 17

~~Ba cheart go mbeadh cuntais na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta uile chomh trédhearcach agus is féidir.~~

↓ 550/2004 aithris 18

~~Má thugtar isteach prionsabail agus coinníollacha comhchuibhithe lena rialófar rochtain ar shonraí oibríochta, ba cheart go n-éascófaí soláthar seirbhísí aerloingseoireachta agus oibriú úsáideoirí aerspáis agus aerfort i dtimpeallacht nua.~~

---

| ➔ 551/2004 aithris 9 |
|---|

~~Ba cheart aerspás oibríochtúil a ndéanfar comhtháthú air de réir a chéile a bhunú le haghaidh gnáth-aerthráchta san aerspás uachtarach; ba cheart go sainaithneofaí comhéadan idir aerspás uachtarach agus íochtarach dá réir sin.~~

---

| ➔ 551/2004 aithris 10 |
|---|

~~Le caolaois tráchta réigiúnda a sheachaint, ba cheart go mbeadh Réigiún Faisnéise Eitilte Uachtarach na hEorpa (RFEUE) ann a chuimseodh an t-aerspás uachtarach atá faoi chúram na mBallstát a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, rud a éascófar pleanáil choiteann agus foilsiú faisnéise aerloingseoireachta.~~

---

| ➔ 1070/2009 aithris 30 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

(36) Maidir le soláthar faisnéise aerloingseoireachta atá ~~nua-aimseartha,~~ iomlán, ar ardchaighdeán, agus tráthúil, tá tionchar suntasach aige ar an tsábháilteacht agus ar éascú na rochtana ar aerspás an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ agus ⇨ na féidearthachtaí chun gluaiseacht ⇦ ~~gluaiseachta~~ laistigh den aerspás sin. ~~Agus an Máistirphlean BAT á chur san áireamh, ba cheart don Chomhphobal gníomh tionscantach a dhéanamh maidir le nuachóiriú na hearnála seo i gcomhar le Eurocontrol agus a áirithiú go mbeidh úsáideoirí in ann teacht ar na sonraí seo trí bhíthin pointe rochtana poiblí amháin trína soláthrófaí fáisnéisiú comhtháthaithe atá nua-aimseartha, áisiúil don úsáideoir agus bailíochtaithe~~ ⇨ Ba cheart rochtain ar na sonraí sin a éascú trí bhonneagar iomchuí faisnéise ⇦.

⇩ nua

➲ Comhairle

(37) Níl ach aon dóigh amháin ann leis an aerspás a úsáid ar bhealach sábháilte éifeachtúil, is é sin trí dhlúthchomhar idir úsáideoirí sibhialta agus úsáideoirí míleata aerspáis, rud atá bunaithe den chuid is mó, go hiarbhír, ar choincheap na húsáide solúbtha aerspáis agus ar chomhordú éifeachtach idir lucht sibhialta agus lucht míleata mar atá leagtha síos ag ICAO. D ➲ […] ➲ 'fhonn c ➲ […] ➲ ur i bhfeidhm ➲ aonfhoirmeach ➲ an choincheapa seo a áirithiú, ➲ […] ➲ ba cheart ➲ a thabhairt ➲ ➲ […] ➲ de chumhacht don Choimisiún ➲ […] ➲ ➲ gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh laistigh de theorainneacha an chomhbheartais iompair agus gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát ar a n-aerspás ➲ .

(38) Tá tionscadal SESAR dírithe ar fhorbairt an aeriompair a chumasú ar bhealach sábháilte, éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de tríd an gcóras BAT Eorpach agus domhanda a nuachóiriú. D'fhonn cur le héifeachtacht iomlán an tionscadail, ba cheart comhordú cuí idir céimeanna an tionscadail a áirithiú. Ba cheart don Mháistirphlean BAT Eorpach a bheith mar thoradh ar chéim shainithe SESAR, agus rannchuidiú leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a bhaint amach.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil amhras ann faoina bhfuil na critéir agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3) agus (3a) arna léamh gcomhar le mír 2 den Airteagal seo á gcomhlíonadh ag an dréachtphlean feidhmíochta arna ghlacadh, cuirfidh sé tús le scrúdú mionsonraithe ar an dréachtphlean feidhmíochta, agus iarrfaidh sé faisnéis bhreise ón mBallstát lena mbaineann más gá.

5. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis scrúdú mionsonraithe a dhéanamh, go gcomhlíonann an dréachtphlean feidhmíochta na critéir agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3) agus (3a) arna léamh gcomhar le mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh sé an plean a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil an dréachtphlean gníomhaíochta i gcomhréir leis na critéir agus na coinníollacha sin, áfach, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ina leagtar amach na bearta ceartaitheacha nach mór don Bhallstát nó na Ballstáit lena mbaineann a dhéanamh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na bearta atá déanta aige de bhun an chinnidh sin in iúl don Choimisiún, chomh maith le faisnéis lena léirítear go bhfuil an cinneadh sin á chomhlíonadh leis na bearta sin.

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur leor na bearta sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar a chinneadh, tabharfaidh sé fógra i ndáil leis sin don Bhallstát/do na Ballstáit lena mbaineann agus formheasfaidh sé an dréachtphlean feidhmíochta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach leor na bearta sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar an cinneadh, tabharfaidh sé fógra i ndáil leis sin don Bhallstát lena mbaineann, agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

⇩nua

➲ Comhairle

➲ 6. Glacfaidh na Ballstáit lena mbaineann na dréachphleananna feidhmíochta arna bhformheas ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Airteagal seo ➲ ➲ […] ➲ mar phleananna cinntitheacha, agus cuirfear ar fáil go poiblí iad ➲ , gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire ➲ .

➲ *Airteagal 13b*

**Faireachán ar fheidhmíocht**

1. Measfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta, i gcomhar leis an údarás inniúil náisiúnta i gcás inar eintiteas difriúil é, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 13a á gcomhlíonadh ag na seirbhísí aerloingseoireachta a chuirtear ar fáil san aerspás atá faoina gcúram, an bhfuil nó nach bhfuil na pleananna sin á gcur chun feidhme mar is ceart agus an gcuirfidh sé chun feidhme na dreasachtaí dearfacha nó diúltacha atá ann mar thoradh ar na scéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3)h) nó nach gcuirfidh. ➲

➲ 2. ➲ Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta ➲ […] ➲ tuairiscí rialta a eisiúint maidir le faireachán ar fheidhmíocht ➲ […] ➲ seirbhísí aerloingseoireachta ➲ […] ➲ arna gcur ar fáil ag ➲ ➲ […] ➲ soláthraithe aerthráchta ➲ ainmnithe ➲ agus cuirfidh siad torthaí na measúnuithe sin ar fáil go poiblí ➲ gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire ➲ .

Cuirfidh ➲ […] ➲ ➲ na soláthraithe ➲ seirbhísí aerthráchta ainmnithe an fhaisnéis agus na sonraí is gá ar fáil chun faireachán ➲ ➲ ➲ mar sin ➲ a dhéanamh ➲ […] ➲ . Áireofar ➲ leis sin ➲ ➲ […] ➲ faisnéis agus sonraí a bhaineann le costais iarbhír ➲ na seirbhísí arna gcur ar fáil, agus i gcás inarb infheidhme, gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire, agus sonraí a bhaineann le costais iarbhír na seirbhísí a fhaightear ó sholáthraithe seirbhísí eile ➲ ➲ […] ➲ .

➲ 2a. ➲ I gcás nach mbainfear amach na spriocanna feidhmíochta ➲ atá sna pleananna feidhmíochta ➲ nó nach gcuirfear an plean feidhmíochta chun feidhme mar is ceart, ➲ […] ➲ ➲ measfaidh ➲ an t-údarás maoirseachta náisiúnta ➲ […] ➲➲ cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sin mar thoradh ar chúrsaí sábháilteachta nó ar fhactóirí seachtracha nach bhfuil smacht ag an soláthraí seirbhísí aerthráchta orthu. Go háirithe, measfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta tionchar aon éifeachta díobhálaí a bheidh ag na bearta arna nglacadh chun feabhas a chur ar fheidhmiú foriomlán an ghréasáin ar fheidhmíocht iarbhír an tsoláthraithe seirbhísí aerthráchta. I gcás nach mbeidh cúrsaí sábháilteachta nó fachtóirí seachtracha ina n-údar le tearcfheidhmíocht, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta de cheangal ➲ ➲ […] ➲ ar ➲ […] ➲➲ an soláthraí ➲ seirbhísí aerthráchta bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme.

➲2b. Cuirfear meath na seirbhíse san áireamh sna dreasachtaí agus sna dídhreasachtaí airgeadais agus beidh siad i gcomhréir leis an oiread éagsúlachta atá idir na feidhmíochtaí ar baineadh amach agus na spriocanna feidhmíochta a leagtar amach sna pleananna feidhmíochta formheasta.

Ní féidir dreasachtaí agus dídhreasachtaí airgeadais a fheidhmiú ach i gcás ina bhfuil an tsárfheidhmíocht nó an tearcfheidhmíocht inchurtha i leith an tsoláthraí seirbhísí aerthráchta lena mbaineann. Ní dhéanfar difear, le dídhreasachtaí mar sin, d'inmharthanacht airgeadais an tsoláthraí seirbhísí aerthráchta ná do shábháilteacht agus cáilíocht an tsoláthair seirbhísí.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnuithe rialta ar ghnóthachtáil fhoriomlánna spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais agus cuirfidh sé na torthaí faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 37(1) ➲ .

➲ […] ➲

➲ […] ➲

➲ […] ➲

➲ […] ➲

➲ […] ➲

*Airteagal 16*

**Plean Feidhmíochta Gréasáin**

1. Déanfaidh an Bainisteoir Gréasáin Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin a tharraingt suas do gach tréimhse thagartha, ➲ i gcomhréir leis an bpróiseas cinnteoireachta comhoibritheach dá dtagraítear in Airteagal 27(7) ➲ ➲ […] ➲ .

Déanfar an Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin a tharraingt suas tar éis spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a leagan síos agus roimh thús na tréimhse tagartha lena mbaineann. Beidh spriocanna feidhmíochta ann sna réimsí lárnacha feidhmíochta ➲ […] ➲ ➲ dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a) ➲.

2. Cuirfear an Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin faoi bhráid ➲ […] ➲ an Choimisiúin ➲ lena mheasúnú agus lena fhormheas ➲ .

➲ 2a. Measfaidh an ➲ ➲ […] ➲ Coimisiún ➲ […] ➲ an Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin bunaithe ar na critéir fhíor-riachtanacha seo a leanas:

(a) breithniú ar na feabhsuithe feidhmíochta le himeacht ama, i dtaca leis an tréimhse thagartha a chumhdaítear leis an bplean feidhmíochta, agus ➲ […] ➲ i dtaca leis an tráthchlár lena gcuimsítear an tréimhse thagartha roimhe sin mar aon leis an tréimhse thagartha a chumhdaítear leis an bplean feidhmíochta ➲ chomh maith le rannchuidiú le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais ➲ ;

(b) iomláine ➲ agus comhsheasmhacht ➲ an Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin ó thaobh sonraí agus ábhar tacaíochta de ➲ , lena n-áirítear na príomhthoimhdí a chuirtear i bhfeidhm agus réamhaisnéisí tráchta ➲ .

➲ 2b. ➲ I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil an Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin iomlán agus go léiríonn sé feabhsuithe feidhmíochta leordhóthanacha, glacfaidh sé an Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin mar phlean cinntitheach. ➲ Murab amhlaidh, iarrfaidh ➲ ➲ […] ➲ an Coimisiún ➲ […] ➲ar an mBainisteoir Gréasáin dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin athbhreithnithe a chur faoina bhráid.

*Airteagal 17*

**Athbhreithniú ar spriocanna feidhmíochta agus pleananna feidhmíochta le linn tréimhse tagartha**

1. I gcás, le linn tréimhse tagartha, nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais leordhóthanach a thuilleadh, i bhfianaise cúinsí atá athraithe go suntasach ➲ nó cúrsaí sábháilteachta ➲ , agus ina bhfuil an t-athbhreithniú ar ➲ cheann amháin nó ar roinnt de ➲ na spriocanna riachtanach agus comhréireach, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais sin. Beidh feidhm ag Airteagal 11 maidir ➲ […] ➲ ➲ le ➲ cinneadh ➲ mar ➲ sin.

➲ I gcás, tar éis an athbhreithnithe sin, nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta arna nglacadh de bhun Airteagal 13a(6) i gcomhréir a thuilleadh leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, déanfaidh na Ballstáit na pleananna sin a athbhreithniú i ndáil leis na spriocanna feidhmíochta lena mbaineann. Beidh feidhm ag Airteagail 13 agus 13a maidir leis an athbhreithniú ar na pleananna sin. Déanfar an comhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 13(2) a theorannú, chun críoch na fomhíre seo, do na spriocanna feidhmíochta agus do na codanna de na dréachtphleananna feidhmíochta a ndéantar difear dóibh go díreach nó go hindíreach leis an athbheithniú.

Tar éis an athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad mhír, déanfaidh an Bainisteoir Gréasáin Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin nua a tharraingt suas. Beidh feidhm ag Airteagal 16 maidir le glacadh an phlean nua sin. ➲

2. Sa chinneadh maidir leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais ➲ arna n-athbhreithniú ➲ dá dtagraítear i mír 1, beidh forálacha idirthréimhseacha ann i dtaca leis an tréimhse ama go dtí go dtiocfaidh na pleananna feidhmíochta cinntitheacha ➲ […] ➲ ➲ athbhreithnithe ➲ ➲ […] ➲i bhfeidhm. ➲ Ní bheidh feidhm chúlghabhálach ag spriocanna ar fud an Aontais arna n-athbhreithniú ná ag forálacha idirthréimhseacha. ➲

3. ➲ […] ➲ ➲ Féadfaidh na Ballstáit ➲ athbhreithniú a dhéanamh ar sprioc feidhmíochta amháin nó roinnt díobh le linn tréimhse tagartha ➲ […] ➲ i gcás ina mbainfear amach tairseacha foláirimh, nó ina ➲ […] ➲ ➲ léireofar nach ➲ bhfuil na sonraí, na toimhdí agus an réasúnaíocht tosaigh atá mar bhonn do na spriocanna feidhmíochta cruinn ar bhonn suntasach agus buan a thuilleadh de bharr imthosca neamh-intuartha, tráth ghlactha an phlean feidhmíochta.

➲ […] ➲

➲ I gcás mar sin, athbhreithneoidh na Ballstáit na pleananna feidhmíochta i ndáil leis na spriocanna lena mbaineann, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 13 agus 13a. Féadfar an comhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 13(2) a theorannú, chun críoch na míre seo, do na spriocanna feidhmíochta agus do na codanna de na pleananna feidhmíochta a ndéanann an t-athbhreithniú difear dóibh go díreach nó go hindíreach. ➲

*Airteagal 18*

**Cur chun feidhme na scéime feidhmíochta**

Maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta, glacfaidh an Coimisiún ➲ , trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), ➲ ceanglais agus nósanna imeachta mionsonraithe i dtaca le hAirteagail ➲ 10(3), 11, ➲ ➲ […] ➲ 13, ➲ 13a, 13b, ➲ ➲ […] ➲ 16 ➲ […] ➲ ➲ agus ➲ 17, go háirithe maidir ➲ le dréachtphleananna a ullmhú, a mheasúnú, a fhormheas agus athbhreithniú a dhéanamh orthu ➲ ➲ […] ➲ , socrú na spriocanna feidhmíochta, ➲ […] ➲faireachán ar ➲ […] ➲ ➲ fheidhmíocht, an mhodheolaíocht le haghaidh tagarmharcála, na scéimeanna dreasachtaí, ➲ ➲ […] ➲ eisiúint na mbeart ceartaitheach, agus na tráthchláir le haghaidh na nósanna imeachta uile. ➲ […] ➲ .

---

🡻 1070/2009 Airt. 1.

~~(b) roghnú na réimsí tábhachtacha feidhmíochta iomchuí ar bhonn Dhoiciméad ICAO Uimh. 9854 "Global Air Traffic Mangement Operational Concept", ar réimsí iad a bheidh comhsheasmhach leo sin atá sainaitheanta i gCreat Feidhmíochta Mháistirphlean BAT, lena n-áirítear sábháilteacht, an comhshaol, acmhainneacht agus costéifeachtúlacht, arna n-oiriúnú nuair is gá chun aird a thabhairt ar riachtanais shonracha an aerspáis Eorpaigh aonair agus ar chuspóirí ábhartha do na réimsí sin mar aon le sainiú sraithe teoranta táscairí tábhachtacha feidhmíochta chun an fheidhmíocht a thomhas;~~

~~(c) spriocanna feidhmíochta uile-Chomhphobail a bhunú, ar spriocanna iad a shainceofar agus ionchuir arna sainaithint ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis á gcur san áireamh;~~

~~6. Ar mhaithe le feidhmiú mionsonraithe na scéime feidhmíochta, déanfaidh an Coimisiún, faoin 4 Nollaig 2011 agus laistigh d'amscála a bheidh oiriúnach chun na spriocamanna ábhartha atá leagtha síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, rialacha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(3). Cumhdóidh na rialacha cur chun feidhme sin na nithe seo a leanas:~~

~~(c) na critéir ar dá réir a dhéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta na pleananna feidhmíochta náisiúnta nó na pleananna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a chur ar bun, ar pleananna iad ina mbeidh na spriocanna feidhmíochta náisiúnta nó na spriocanna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis agus an scéim dreasachta. Maidir leis na pleananna feidhmíochta sin:~~

~~(i) beidh siad bunaithe ar phleananna gnó na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta;~~

~~(ii) tabharfar aghaidh iontu ar ghnéithe costais uile an bhoinn costais náisiúnta nó an bhoinn costais don bhloc feidhme aerspáis;~~

~~(iii) áireofar iontu spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a bheidh comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Comhphobail; (d) na spriocanna feidhmíochta náisiúnta nó na spriocanna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a mheasúnú ar bhonn an phlean náisiúnta nó an phlean bloic feidhme aerspáis; agus~~

~~(e) faireachán ar na pleananna feidhmíochta náisiúnta nó ar na pleananna feidhmíochta bloic aerspáis feidhme, lena n-áirítear sásraí iomchuí foláirimh.; (d) critéir chun a mheas an bhfuil na spriocanna náisiúnta nó na spriocanna bloic feidhme aerspáis comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Chomhphobail i rith na tréimhse tagartha agus chun tacú le sásraí foláirimh;~~

~~(e) prionsabail ghinearálta maidir le Ballstáit do chur scéim dreasachta ar bun;~~

~~(f) prionsabail maidir le sásra idirthréimhseach a chur i bhfeidhm a bheidh riachtanach maidir le hoiriúnú a dhéanamh i gcomhair fheidhmiú na scéime feidhmíochta agus nach rachaidh thar 12 mhí tar éis an trátha a nglacfar leis na rialacha cur chun feidhme.;~~

~~(b) an tréimhse thagartha agus na heatraimh chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthú na spriocanna feidhmíochta agus chun spriocanna nua a shocrú;~~

~~(a) inneachar agus tráthchlár na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 4;~~

🡻 1070/2009 Airt. 1.5

~~5. Agus an scéim feidhmíochta á bunú, cuirfear san áireamh go bhfuil seirbhísí faoi bhealach, seirbhísí críochfoirt agus feidhmeanna gréasáin éagsúil lena chéile agus gur cheart déileáil leo dá réir sin agus, más gá, chun críocha tomhaiste feidhmíochta freisin.~~

🡻 550/2004 (oiriúnaithe)

**~~CAIBIDIL III~~**

**~~SCÉIMEANNA MUIREARAITHE~~**

🡻 1070/2009 Airt. 2.8

*~~Airteagal 14~~*

~~Ginearálta~~

~~I gcomhréir le ceanglais Airteagal 15 agus Airteagal 16, fágfar, i ngeall ar an scéim muirir le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta, go mbeidh níos mó trédhearcachta ann agus muirir á socrú, á bhforchur agus á bhforfheidhmiú maidir le húsáideoirí aerspáis, agus fágfar go neartófar cost-éifeachtúlacht soláthair seirbhísí aerloingseoireachta agus éifeachtúlacht eitiltí, ach ag an am céanna coimeádfar an leibhéal sábháilteachta is fearr is féidir ar bun. Ina theannta sin, beidh an scéim sin comhsheasmhach le hAirteagal 15 de Choinbhinsiún Chicago 1944 ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta agus le córas Eurocontrol lena ngearrtar muirir faoi bhealach.~~

↓ 1070/2009 Airt. 2.9 (oiriúnaithe)

*Airteagal 1915*

**Prionsabail ⌦ na scéime muirearaithe ⌫**

⇩ nua
➲ Comhairle

1. Gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit soláthar seirbhísí ➲ […] ➲ ➲ aerloingseoireachta ➲ a chumhdaítear leis an Airteagal seo a mhaoiniú trí chistí poiblí, socrófar, forchuirfear agus forfheidhmeofar muirir le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta ar úsáideoirí aerspáis ➲ i gcomhréir le hAirteagal 15 de Choinbhinsiún Chicago agus leis an Airteagal seo chomh maith le hAirteagail 20 go 22 agus leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Airteagal 23. Beidh an scéim muirearaithe arna bunú faoin Airteagal seo chomh maith le hAirteagail 20 go 22 i gcomhréir leis an scéim muirearaithe le haghaidh muirir faoi bhealach arna mbunú ag EUROCONTROL, go háirithe *Principles for Establishing the Cost-Base for En-Route Charges and the Calculation of the Unit Rates* [Prionsabail chun Bonn Costais le haghaidh Muirir Faoi Bhealach a Bhunú agus chun Rátaí Aonad a Ríomh] EUROCONTROL ➲ .

2. Beidh na muirir bunaithe ar chostais na soláthraithe aer ➲ […]loingseoireachta ➲ ➲ […] ➲ ➲ arna dtabhú i ndáil le soláthar ➲ seirbhísí agus feidhmeanna ➲ a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí ➲ ➲ […] ➲ aerspáis ➲ nó ar mhaithe le húsáideoirí aerspáis ➲ thar thréimhsí tagartha seasta mar a shainítear in Airteagal 10(2). Féadfar fáltas réasúnach ar shócmhainní ➲ […] ➲ a áireamh ar na costais sin.

3. Trí bhíthin muirear, cuirfear chun cinn soláthar seirbhísí aerloingseoireachta atá sábháilte, éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta agus cost-éifeachtúlachta a bhaint amach➲ […] ➲ , agus tionchar comhshaoil na heitlíochta á laghdú ag an am céanna.

➲ […] ➲

5. Ní úsáidfear na hioncaim ➲ a fhaightear ó sholáthraí seirbhísí aerloingseoireachta ➲ a thagann as na muirir a fhorchuirtear ar úsáideoirí aerspáis i gcomhréir leis an Airteagal seo chun seirbhísí a mhaoiniú ar seirbhísí iad a ➲ […] ➲ ➲ sholáthraíonn soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta ➲ faoi choinníollacha margaidh i gcomhréir le hAirteagal 8 ➲ nó chun aon ghníomhaíocht tráchtála eile arna déanamh ag an soláthraí sin a mhaoiniú ➲ .

6. Tuairisceofar sonraí airgeadais maidir le costais a chinntear ➲ agus ➲ costais iarbhír ➲ […] ➲ na soláthraithe aerthráchta ainmnithe do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ➲ […] ➲ .

*Airteagal 20*

**Boinn chostais ➲ do mhuirir ➲**

1. Is iad a bheidh sna boinn chostais ➲ do mhuirir ➲ le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta ➲ […] ➲ , ➲ mar a leagtar amach iad sna pleananna feidhmíochta a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 13a(6), ➲ na costais chinntitheacha a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin sa limistéar muirearaithe ➲ faoi bhealach agus sa limistéar muirearaithe ➲ críochfoirt lena mbaineann ➲ […] ➲ .

2. Áireofar ar na costais a chinntear dá dtagraítear i mír 1, costais na saoráidí agus na seirbhísí ábhartha, ➲ […] ➲ ➲ costas an chaipitil agus costas ➲ dímheasa sócmhainní, mar aon leis na costais chothabhála, oibriúcháin, bhainistíochta agus riaracháin ➲ agus costais foirne eile ➲ .

3. Beidh na costais seo a leanas san áireamh freisin sna costais ➲ chinntitheacha ➲ dá dtagraítear i mír 1:

➲ […] ➲ ;

(b) na costais ➲ […] ➲ i dtaca le maoirseacht ➲ ar sheirbhísí aerloingseoireachta a thabhaíonn ➲ ➲ […] ➲ na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, ➲ na húdaráis inniúla náisiúnta, agus údaráis náisiúnta eile, i gcás ina gcinneann an Ballstát amhlaidh ➲ ➲ […] ➲ ;

(c) na costais a thabhaíonn na soláthraithe seirbhísí aer ➲ […] ➲ ➲ loingseoireachta ➲ i dtaca le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta ➲ , i gcás ina gcinneann an Ballstát amhlaidh ➲ ; ➲ […] ➲

➲ (d) na costais a thabhaíonn na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta i dtaca le feidhmeanna gréasáin, go háirithe maidir le comhar leis an mBainisteoir Gréasáin agus feidhmeanna eile a gcuirtear síos orthu in Airteagal 2(9);

(e) na costais a eascraíonn as Coinbhinsiún Idirnáisiúnta EUROCONTROL maidir le Comhoibriú um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta na 13 Nollaig 1960 arna leasú go deireanach, i gcás ina gcinneann an Ballstát amhlaidh. ➲

4. Ní áireofar sna costais a chinntear costais na bpionós arna bhforchur ag na Ballstáit ➲ […] ➲ ➲ i gcomhréir le h ➲ Airteagal 42 ➲ […] ➲

5. ➲ Léithdháilfear na costais a bhaineann le ➲ ➲ […] ➲ seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ➲ […] ➲ ➲ de réir na gcritéar arna leagan síos ag an údarás inniúil náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13(1a). Ní cheadófar tras-fhóirdheontais idir ➲ seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ➲ […] ➲ . ➲ Ní ch ➲ eadófar tras-fhóirdheontas idir seirbhísí éagsúla aerloingseoireachta i gceachtar den dá chatagóir sin ach amháin má bhíonn údar maith leis ar chúiseanna oibiachtúla, ➲ […] ➲ faoi réir sainaithint thrédhearcach i gcomhréir le hAirteagal 25(3).

6. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe sonraí faoina mbonn costais ar fáil don ➲ […] ➲ ➲ údarás maoirseachta ➲ náisiúnta agus don Choimisiún. Chuige sin, brisfear síos na costais ➲ […] ➲ trí idirdhealú a dhéanamh idir costais foirne, costais oibriúcháin nach costais foirne iad, costais dímheasa, costas caipitil, ➲ […] ➲ ➲ costais dá dtagraítear in Airteagal 20(3) ➲, agus costais eisceachtúla.

*Airteagal 21*

**➲ Limistéar muirearaithe agus ➲ ➲ […] ➲rátaí aonaid**

1. Socrófar rátaí aonaid in aghaidh na bliana féilire agus le haghaidh gach limistéir mhuirearaithe ar bhonn na gcostas a chinnfear agus na réamhaisnéisí tráchta a bhunaítear sna pleananna feidhmíochta chomh maith le coigeartuithe infheidhme a eascraíonn as na blianta roimhe agus as ioncaim eile.

➲ 1a. Gan dochar don chéad fhomhír d'Airteagal 20(5), sainmhíneoidh na Ballstáit na limistéir muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta roimh thús tréimhse tagartha agus sainaithneoidh siad na soláthraithe seirbhísí aerthráchta a thagann faoi raon feidhme gach limistéir mhuirearaithe. Sainmhíneoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), na coinníollacha faoinar féidir leis na Ballstáit limistéar muirearaithe críochfoirt nua a mhodhnú nó a bhunú le linn tréimhse tagartha. ➲

2. Is iad na ➲ Ballstáit ➲ ➲ […] ➲ a shocróidh na rátaí aonaid, ➲ faoi réir a bhfíoraithe ag an gCoimisiún ➲ ➲ […] ➲ go gcomhlíonann siad Airteagail 19, 20 agus an tAirteagal seo. I gcás ina gcinneann an ➲ Coimisiún ➲ ➲ […] ➲ nach gcomhlíonann ráta aonaid na ceanglais sin, athbhreithneoidh an ➲ […] ➲ ➲ Ballstát ➲ lena mbaineann an ráta aonaid dá réir, ➲ agus déanfar é a leasú mar is iomchuí ➲ . ➲ […] ➲

➲ […] ➲

*Airteagal 22*

**Muirir a bhunú**

1. Toibheofar muirir ar úsáideoirí aerspáis as seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar, faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, agus acmhainní táirgeachta coibhneasta na n-aerárthaí éagsúla lena mbaineann á gcur san áireamh. Nuair a dhéantar muirir a fhorchur ar úsáideoirí aerspáis difriúla chun an tseirbhís chéanna a úsáid, ní dhéanfar idirdhealú ar bith i ndáil le náisiúntacht ná catagóir an úsáideora.

2. Ríomhfar an muirear ➲ faoi bhealach ➲ le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta ➲ […] ➲ d'eitilt ar leith i limistéar muirearaithe ar leith ar bhonn an ráta aonaid arna bhunú don limistéar muirearaithe sin agus na haonaid seirbhísí faoi bhealach don eitilt sin. ➲ […] ➲ .

3. Ríomhfar an muirear ➲ críochfoirt ➲ le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta ➲ […] ➲d'eitilt ar leith i limistéar muirearaithe críochfoirt ar leith ar bhonn an ráta aonaid arna bhunú don limistéar muirearaithe críochfoirt sin agus na haonaid seirbhísí críochfoirt don eitilt sin. Chun an muirear ➲ críochfoirt ➲ a ríomh➲ […] ➲ , measfar gur eitilt aonair atá in ascnamh agus imeacht eitilte. ➲ […] ➲

4. Féadfar ➲ a cheadú go ndéanfar ➲ ➲ […] ➲úsáideoirí aerspáis ➲ nó eitiltí ➲ áirithe ➲ a dhíolúnú ➲ ó mhuirir aerloingseoireachta➲ […] ➲ , go háirithe ➲ iad sin a úsáideann nó a oibrítear le h ➲ aerárthaí éadroma agus aerárthaí Stáit, ar choinníoll go gcumhdaítear costas na díolúine sin le hacmhainní eile agus nach ngearrtar ar úsáideoirí aerspáis eile é.

5. ➲ […] ➲➲ Féadfar ➲ muirir ➲ a mhodhnú ➲ chun soláthraithe seirbhísí ➲ […] ➲ ➲ aerthráchta ➲ , aerfoirt agus úsáideoirí aerspáis a spreagadh chun tacú le feabhsúcháin i bhfeidhmíocht chomhshaoil, nó cáilíocht seirbhíse amhail ➲ úsáid an ródúcháin is éifeachtúla ó thaobh breosla de dá bhfuil ar fáil, ➲ úsáid mhéadaithe breoslaí ➲ malartacha ➲ ➲ […] ➲ inbhuanaithe, acmhainn mhéadaithe agus níos lú moilleanna agus forbairt inbhuanaithe, agus an leibhéal sábháilteachta is fearr is féidir a choimeád ar bun ag an am céanna, go háirithe chun an Máistirphlean BAT don Eoraip a chur chun feidhme. Is éard a bheidh sa mhodhnú buntáistí nó míbhuntáistí airgeadais agus beidh sé neodrach ó thaobh an ioncaim de le haghaidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta.

➲ 5a. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, na soláthraithe seirbhísí aerthráchta agus na húsáideoirí aerspáis, staidéar féidearthachta maidir le tionchar an mhodhnaithe muirear ar aerthrácht agus ar gheallsealbhóirí, lena n-áirítear ruthaig eitilte, toilleadh, comhdhéanamh flít agus costais na n-úsáideoirí spáis, agus ar na sásraí chun neodracht ioncaim soláthraithe seirbhísí aerthráchta a áirithiú. Cumhdófar sa staidéar sin freisin rannchuidiú an mhodhnaithe sin le gnóthachtáil cuspóirí an Aerspáis Eorpaigh Aonair dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus aird á tabhairt ar ghnéithe iomaíochais, na scéimeanna dreasachtaí atá ann cheana agus roghanna eile a bhfuiltear ar an eolas fúthu. Ar bhonn an staidéir sin, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh chun go mbeidh na Ballstáit in ann modhnú muirear a chur chun feidhme ar bhonn deonach. ➲

*Airteagal 23*

**An scéim muirearaithe a chur chun feidhme**

Chun an scéim muirearaithe a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún ➲ , trí bhíthin na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), ➲ ceanglais mhionsonraithe agus nósanna imeachta i leith Airteagail 19, 20, 21 agus 22 go háirithe maidir leis na boinn chostais agus costais a chinntear, rátaí aonaid a shocrú, ➲ […] ➲ sásraí comhroinnte riosca agus an modhnú muirear. ➲ […] ➲ .

---

🡻 1070/2009 Airteagal 2.9

~~(a) is é a bheidh sa chostas a bheidh le roinnt idir na húsáideoirí aerspáis ná an costas a chinntear i leith soláthair seirbhísí aerloingseoireachta, lena n-áirítear suimeanna iomchuí le haghaidh úis ar infheistíocht chaipitiúil agus dímheasa sócmhainní, mar aon leis na costais chothabhála, oibriúcháin, bainistíochta agus riaracháin. Is é a bheidh sna costais a chinntear ná na costais sin a chinnfidh an Ballstát ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal bloc feidhme aerspáis ag tús na tréimhse tagartha do gach bliain féilire de chuid na tréimhse tagartha dá dtagraítear in Airteagal 11 den chreat-Rialachán nó i rith na tréimhse tagartha, tar éis coigeartuithe iomchuí a dhéanamh lena ndéantar na sásraí foláirimh a leagtar amach in Airteagal 11 den chreat-Rialachán a chur i bhfeidhm;~~

~~(b) is iad na costais atá le cur san áireamh sa chomhthéacs seo ná na costais a mheasúnófar i dtaca leis na saoráidí agus na seirbhísí dá bhforáiltear agus a chuirtear chun feidhme faoi Phlean Réigiúnach Aerloingseoireachta ICAO, Réigiún na hEorpa. Féadfaidh costais arna dtabhú ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus/nó ag eintitis cháilithe a bheith san áireamh iontu freisin, chomh maith le costais eile arna dtabhú ag an mBallstát agus ag an soláthraí seirbhísí ábhartha i ndáil le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta. Ní áireofar iontu costais na bpionós arna bhforchur ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9 den chreat-Rialachán ná costais aon bheart ceartaitheach arna bhforchur ag na Ballstáit de réir Airteagal 11 den chreat-Rialachán;~~

~~(c) i dtaca leis na bloic feidhme aerspáis agus mar chuid dá gcreat-chomhaontuithe faoi seach, déanfaidh na Ballstáit iarrachtaí réasúnacha chun teacht ar chomhaontú faoi na prionsabail choiteanna maidir leis an mbeartas muirearaithe;~~

~~(d) déanfar costas seirbhísí aerloingseoireachta éagsúla a shainaithint ar leithligh óna chéile, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 12(3) ;~~

~~(e) ní cheadófar tras-fhóirdheontas idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochfoirt. Déanfar costais a bhaineann le seirbhísí críochfoirt agus seirbhísí faoi bhealach araon a leithdháileadh ar shlí chionmhar idir na seirbhísí faoi bhealach agus na seirbhísí críochfoirt ar bhonn modheolaíochta trédhearcaí. Ní cheadófar tras-fhóirdheontas idir seirbhísí éagsúla aerloingseoireachta i gceachtar den dá chatagóir sin ach amháin nuair atá údar maith leis ar chúiseanna oibiachtúla, ach sin faoi réir é a shainaithint go soiléir.~~

~~(f) ráthófar trédhearcacht an bhoinn costais maidir le muirir. Déanfar rialacha cur chun feidhme maidir le soláthar faisnéise ag na soláthraithe seirbhísí a ghlacadh chun gur féidir athbhreithnithe a dhéanamh ar réamhaisnéisí, ar chostais iarbhír agus ar ioncam an tsoláthraí. Déanfar faisnéis a mhalartú go rialta idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta, soláthraithe seirbhísí, úsáideoirí aerspáis, an Coimisiún agus Eurocontrol.~~

~~3. Comhlíonfaidh na Ballstáit na prionsabail seo a leanas le linn muirir a shocrú i gcomhréir le mír 2:~~

~~(a) socrófar na muirir maidir le hinfhaighteacht seirbhísí aerloingseoireachta faoi choinníollacha neamhidirdhealaitheacha. Nuair a dhéantar muirir a fhorchur ar úsáideoirí aerspáis difriúla chun an tseirbhís chéanna a úsáid, ní dhéanfar idirdhealú ar bith i ndáil le náisiúntacht nó catagóir an úsáideora;~~

~~(b) féadfar díolmhú úsáideoirí áirithe, go háirithe aerárthaí éadroma agus aerárthaí Stáit, a cheadú ar choinníoll nach ngearrtar costas an díolmhaithe sin ar úsáideoirí eile ina dhiaidh sin;~~

~~(c) socrófar na muirir de réir bliana féilire ar bhonn na gcostas a chinnfear, nó féadfar iad a shocrú faoi na coinníollacha a bhunóidh na Ballstáit chun leibhéal uasta an ráta aonaid nó leibhéal uasta an ioncaim le haghaidh gach bliana thar thréimhse nach faide ná cúig bliana a chinneadh;~~

~~(d) d'fhéadfadh ioncaim leordhóthanacha a bheith mar thoradh ar sheirbhísí aerloingseoireachta sa chruth go ngnóthófar fáltas réasúnach ar shócmhainní ar mhaithe leis na feabhsúcháin chaipitil is gá;~~

~~(e) déanfar costas na seirbhísí aerloingseoireachta agus na n-áiseanna a chuirtear ar fáil d'usáideoirí aerspáis a léiriú sna muirir, agus acmhainní táirgíochta ábhartha na n-aerárthaí éagsúla lena mbaineann á gcur san áireamh;~~

~~(f) Trí bhíthin muirear, cuirfear chun cinn soláthar seirbhísí aerloingseoireachta atá sábháilte, éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta agus cost-éifeachtúlachta a bhaint amach chomh maith leis na spriocanna feidhmíochta a chomhlíonadh agus spreagfar soláthar seirbhíse comhtháite leo, agus tionchar comhshaoil na heitlíochta á laghdú ag an am céanna. Chuige sin, agus i dtaca leis na pleananna feidhmíochta náisiúnta nó na pleananna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta sásraí a chur ar bun, lena n-áirítear dreasachtaí arb éard atá iontu buntáistí agus míbhuntáistí airgeadais, d'fhonn soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus/nó úsáideoirí aerspáis a spreagadh chun tacú le feabhsúcháin ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, amhail acmhainn mhéadaithe, níos lú moilleanna agus forbairt inbhuanaithe, agus an leibhéal sábháilteachta is fearr is féidir a choimeád ar bun ag an am céanna.~~

4~~. Glacfaidh an Coimisiún rialacha cur chun feidhme mionsonraithe don Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal~~ 5~~(3) den chreat-Rialachán.~~

↓ 1070/2009 Airteagal 2.11

~~*Airteagal 15*~~

~~**Comhlíonadh a athbhreithniú**~~

~~1. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le hathbhreithniú leanúnach ar chomhlíonadh na bprionsabal agus na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15, ag gníomhú dó i gcomhar leis na Ballstáit. Féachfaidh an Coimisiún leis na sásraí is gá a bhunú d'fhonn úsáid a bhaint as saineolas Eurocontrol agus cuirfidh sé torthaí an athbhreithnithe in iúl do na Ballstáit, do Eurocontrol agus d'ionadaithe na n-úsáideoirí aerspáis.~~

~~2. Arna iarraidh sin ag Ballstát amháin nó níos mó a mheasann nach ndearnadh na prionsabail agus na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15 a chur i bhfeidhm go cuí, nó ar a thionscnamh féin, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar aon líomhain nach bhfuiltear ag comhlíonadh nó ag cur i bhfeidhm na bprionsabal agus/nó na rialacha lena mbaineann. Gan dochar d'Airteagal 18(1), roinnfidh an Coimisiún torthaí an imscrúdaithe leis na Ballstáit, le Eurocontrol agus le hionadaithe na n-úsáideoirí aerspáis. Laistigh de dhá mhí ó iarraidh a fháil, agus tar éis éisteacht a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann agus tar éis dul i gcomhairle le Coiste an Aerspáis Aonair i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den chreat-Rialachán, déanfaidh an Coimisiún cinneadh i dtaobh chur i bhfeidhm Airteagal 14 agus Airteagal 15 den Rialachán seo agus i dtaobh an bhféadfar leanúint den chleachtas lena mbaineann.~~

~~3. Díreoidh an Coimisiún a chinneadh chuig na Ballstáit agus cuirfidh sé an soláthraí seirbhíse ar an eolas faoin gcinneadh, a mhéid atá an cinneadh bainteach go dlíthiúil leis an soláthraí sin. Féadfaidh aon Bhallstát cinneadh an Choimisiúin a tharchur chuig an gComhairle laistigh de mhí amháin. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, cinneadh atá éagsúil leis an gcinneadh sin a dhéanamh laistigh de mhí amháin.~~

⇩ nua

➲ Comhairle

*Airteagal 24*

**Athbhreithniú ar chomhlíonadh na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe**

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar ➲ na Ballstáit féachaint an bhfuil ➲ ➲ […] ➲ Airteagail 10 go 17 agus Airteagail 19 go 22 agus ➲ […] ➲ na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 18 agus 23 ag ➲ […] ➲ ➲ á gcomhlíonadh acu , agus go háirithe ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ➲. Gníomhóidh an Coimisiún i gcomhairle leis an ➲ […] ➲ CAF ➲ , i gcás inar ainmníodh CAF i gcomhréir le hAirteagal 9b, ➲ agus le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta.

2. ➲ […] ➲ ➲ I gcás inar léir don ➲ Choimisiún ➲ nach bhfuil ➲ ➲ […] ➲ ➲ na forálacha dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh, féadfaidh sé imscrúdú a thionscnamh. ➲ ➲ […] ➲ Tabharfaidh sé i gcrích an t-imscrúdú laistigh de cheithre mhí ➲ […] ➲ , tar éis éisteacht a thabhairt don Bhallstát ➲ agus ➲ don údarás maoirseachta náisiúnta lena mbaineann agus don soláthraí seirbhísí aerthráchta ainmnithe lena mbaineann.

➲ 3. ➲ Gan dochar d'Airteagal 41(1), comhroinnfidh ➲ an Coimisiún ➲ ➲ […] ➲ na torthaí ón imscrúdú leis ➲ an mBallstát lena mbaineann, agus, i gcás inarb iomchuí, leis an soláthraí ➲ seirbhísí aerthráchta lena mbaineann ➲ agus féadfaidh sé ➲ ➲ […] ➲ tuairim a eisiúint i dtaobh cé acu ar chomhlíon ➲ an Ballstát sin ➲ ➲ […] ➲ Airteagail 10 go 17 agus Airteagail 19 go 22 agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 18 agus 23 nó nár chomhlíon. ➲ […] ➲ ➲ Tabharfaidh ➲ sé fógra faoin tuairim sin don Bhallstát ➲ […] ➲ lena mbaineann.

↓ 550/2004 (oiriúnaithe)

⇨ nua

*Airteagal 25~~12~~*

**Trédhearcacht cuntas ⌦ soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta ⌫**

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, ~~is cuma cén~~⌦ beag beann ar an ⌫ gcóras úinéireachta nó ~~foirm~~⌦ na struchtúir ⌫ dlíthiúla atá acu, a gcuntais airgeadais a tharraingt suas~~,~~ ~~a thíolacadh le haghaidh iniúchta~~ agus a fhoilsiú ⇨ gach bliain ⇦. Comhlíonfaidh na cuntais sin na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta atá glactha ag an ~~gComhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫. I gcás nach féidir na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán, toisc stádas dlíthiúil an tsoláthraí seirbhísí ⌦ aerloingseoireachta ⌫, ~~féachfaidh~~ déanfaidh an soláthraí ~~leis an g~~ an comhlíonadh sin a bhaint amach a mhéid is féidir.~~2. I ngach cás,~~ F~~f~~oilseoidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tuarascáil bhliantúil agus déanfar iniúchadh neamhspleách orthu go rialta ⌦ i leith na gcuntas dá dtagraítear sa mhír seo ⌫ .

⇩ nua

➲ Comhairle

2. Beidh an ceart ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ➲ […] ➲ rochtain a fháil ar chuntais soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta faoi mhaoirseacht na soláthraithe sin. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh rochtain ar na cuntais sin a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta ➲ náisiúnta Bhallstáit ➲ eile.

🡻 1070/2009 Airteagal 2.7 (oiriúnaithe)

⇨ nua

3. ~~Nuair atá beart seirbhísí á sholáthar,~~ Ddéanfaidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta ⇨, ina gcuntasaíocht inmheánach, cuntais ar leithligh le haghaidh gach seirbhíse aerloingseoireachta a choinneáil, ⇦ ~~na costais agus an t-ioncam a eascraíonn as na seirbhísí aerloingseoireachta a shainaithint agus a nochtadh agus miondealú déanta orthu i gcomhréir leis an scéim muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta dá dtagraítear in Airteagal 14, agus, i gcás inarb iomchuí, coimeádfaidh siad cuntais chomhdhlúite a bhaineann le seirbhísí eile nach seirbhísí aerloingseoireachta iad,~~ mar a cheanglófaí orthu a dhéanamh dá mba rud é, maidir leis na seirbhísí ⌦ sin ⌫ ~~i dtrácht~~, gur ghnóthais ar leithligh a ~~sholáthraigh~~ ⌦ rinne ⌫ iad ⇨ d'fhonn idirdhealú, tras-hóirdheonú agus saobhadh iomaíochta a sheachaint. Coinneoidh soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta cuntais ar leithligh chomh maith le haghaidh gach gníomhaíochta sna cásanna seo a leanas: ⇦

⇩ nua

➲ Comhairle

(a) cuireann sé seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8(1) agus seirbhísí aerloingseoireachta nach gcumhdaítear leis an bhforáil sin;

(b) cuireann sé seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil agus déanann sé gníomhaíochtaí eile, d'aon chineál, lena n-áirítear ➲ SCF ➲ ➲ […] ➲ ;

(c) cuireann sé seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil san Aontas agus i dtríú tíortha.

Déanfar na costais a chinntear ➲ agus ➲ na costais iarbhír ➲ […] ➲ a eascraíonn as seirbhísí aerloingseoireachta a mhiondealú ➲ […] ➲ ➲ i gcatagóirí costas i gcomhréir le hAirteagal 20(6) ➲ agus cuirfear ar fáil go poiblí iad, faoi réir chosaint na faisnéise faoi rún.

4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta nó eintiteas atá neamhspleách ar an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann iniúchadh nó fíorú ar na sonraí airgeadais maidir le costais ➲ […] ➲ arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 19(6) mar aon le faisnéis eile is ábhartha chun rátaí aonaid a ríomh agus déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta iad sin a fhormheas. ➲ […] ➲➲ Gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire, cuirfear ➲ conclúidí an iniúchta ar fáil go poiblí.

↓ 550/2004

~~4. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla a mbeidh ceart acu rochtain a fháil ar chuntais soláthraithe seirbhísí a sholáthraíonn seirbhísí laistigh den aerspás faoina bhfreagracht.~~

~~5. Féadfaidh na Ballstáit forálacha idirthréimhseacha Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta[31] a chur i bhfeidhm a chur i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a thagann faoi raon feidhme an rialacháin sin.~~

↓ 1070/2009 Airteagal 2.5

~~*Airteagal 9a*~~

~~Bloic Feidhme Aerspáis~~

~~1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh faoin 4 Nollaig 2012 chun a áirithiú go gcuirfear bloic feidhme aerspáis chun feidhme d'fhonn an toilleadh agus an éifeachtúlacht atá ag teastáil a bhaint amach i ngréasán bainistíochta an aerthráchta laistigh den Aerspás Eorpach Aonair agus d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta a choimeád i bhfeidhm agus rannchuidiú a dhéanamh maidir le feidhmíocht fhoriomlán an chórais aeriompair agus maidir le tionchar comhshaoil a laghdú.~~

~~3. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar lena chéile a oiread agus is féidir, go háirithe Ballstáit a mbeidh bloic feidhme aerspáis chomharsanacha á mbunú acu, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an fhoráil seo. Más ábhartha, féadfaidh tríú tíortha a bheidh páirteach sna bloic feidhme aerspáis a bheith i gceist leis an gcomhar sin freisin.~~

~~2. Beidh feidhm ag na nithe seo a leanas, go háirithe, maidir le bloic feidhme aerspáis:~~

~~(a) tabharfar tacaíocht ina leith le sainchomhad sábháilteachta;~~

---

31 ~~IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.~~

~~(b) cumasófar leo gur féidir an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an aerspás, agus na sreabha aerthráchta á gcur san áireamh;~~

~~(c) áiritheofar leo go mbeidh comhsheasmhacht ann le gréasán bealaí na hEorpa arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán aerspáis;~~

~~(d) beidh údar maith leo i ngeall ar a mbreisluach foriomlán, lena n-áirítear an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní teicniúla agus as acmhainní daonna, i bhfianaise anailísí costais agus tairbhe;~~

~~(e)~~ ~~áiritheofar leo go ndéanfar aistriú na freagrachta as rialú aerthráchta idir aonaid seirbhísí aerthráchta ar bhealach rianúil, solúbtha;~~

~~(f) áiritheofar leo go mbeidh comhoiriúnacht idir na cumraíochtaí éagsúla aerspáis, agus go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na Réigiúin Faisnéise Eitilte reatha, inter alia;~~

~~(g) comhlíonfaidh siad coinníollacha a eascróidh as comhaontuithe réigiúnacha arna dtabhairt i gcrích leis an ICAO;~~

~~(h) urramóidh siad comhaontuithe réigiúnacha a bheidh ann cheana ar an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, go háirithe na comhaontuithe sin lena mbaineann tríú tíortha Eorpacha; agus~~

~~(i) éascóidh siad comhsheasmhacht le spriocanna feidhmíochta uile-Chomhphobail.~~

~~3. Ní bhunófar bloc feidhme aerspáis ach amháin le comhaontú frithpháirteach idir na Ballstáit uile agus, más iomchuí, idir na tríú tíortha a mbeidh freagracht orthu as aon chuid den aerspás sa bhloc feidhme aerspáis.~~

~~Sula dtabharfar fógra don Choimisiún faoi bhunú bloic feidhme aerspáis, déanfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann faisnéis leordhóthanach a thabhairt don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus do na páirtithe leasmhara eile agus tabharfaidh siad deis dóibh a gcuid barúlacha a thíolacadh.~~

~~4. I gcás ina mbaineann bloc feidhme aerspáis go hiomlán nó go páirteach le haerspás atá faoi fhreagracht dhá Bhallstát nó níos mó, maidir leis an gcomhaontú lena mbunófar an bloc feidhme aerspáis, beidh na forálacha ann is gá maidir leis an gcaoi inar féidir an bloc a mhodhnú agus maidir leis an gcaoi inar féidir le Ballstát tarraingt siar ón mbloc, lena n-áirítear socruithe idirthréimhseacha.~~

~~5. I gcás ina n-éiríonn deacrachtaí idir dhá Bhallstát nó níos mó i dtaca le bloc feidhme aerspáis trasteorann ar deacrachtaí iad a bhaineann le haerspás atá faoina bhfreagracht, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann, i gcomhpháirt lena chéile, an cás a chur faoi bhráid Choiste an Aerspáis Aonair chun a thuairim a fháil. Díreofar an tuairim chuig na Ballstáit lena mbaineann. Gan dochar do mhír 63, cuirfidh na Ballstáit an tuairim sin san áireamh chun teacht ar réiteach.~~

~~6. Tar éis na fógraí ó na Ballstáit maidir leis na comhaontuithe agus na dearbhuithe dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 a fháil, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 2, i dtaca le gach ceann de na bloic feidhme aerspáis de, agus tíolacfaidh sé na torthaí do Choiste an Aerspáis Aonair le haghaidh díospóireachta. Más deimhin leis an gCoimisiún gurb ann do bhloc feidhme aerspáis amháin nó níos mó nach gcomhlíonann na ceanglais, rachaidh sé i mbun agallaimh leis na Ballstáit lena mbaineann agus é mar aidhm aige teacht ar chomhthoil i dtaobh na mbeart a bheidh riachtanach chun an cás a réiteach.~~

~~7. Gan dochar do mhír 6, déanfar na comhaontuithe agus na dearbhuithe dá dtagraítear i mír 3 a chur in iúl don Choimisiún lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Déanfar an dáta a dtiocfaidh an cinneadh ábhartha i bhfeidhm a shonrú san fhoilseachán sin.~~

~~8. Déanfar ábhar treorach maidir le bunú agus modhnú na mbloc feidhme aerspáis a fhorbairt faoin 4 Nollaig 2010 i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den chreat-Rialachán.~~

~~9. l Déanfaidh an Coimisiún, faoin 4 Nollaig 2011 agus i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den chreat-Rialachán, rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le soláthar ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann sula mbunófar agus sula modhnófar bloc feidhme aerspáis i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.~~

*~~Airteagal 9b~~*

**~~Comhordaitheoir Chóras na mBloc Feidhme Aerspáis~~**

~~1. D'fhonn bunú na mbloc feidhme aerspáis a éascú, féadfaidh an Coimisiún duine nádúrtha a ainmniú mar Chomhordaitheoir Chóras na mBloc Feidhme Aerspáis (an Comhordaitheoir). Gníomhóidh an Coimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den chreat-Rialachán.~~

~~2. Gan dochar d'Airteagal 9a(5) déanfaidh an Comhordaitheoir, arna iarraidh sin ag na Ballstáit uile lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ag na tríú tíortha atá páirteach sa bhloc feidhme aerspáis céanna, sárú deacrachtaí ina bpróiseas caibidlíochta a éascú d'fhonn dlús a chur le bunú na mbloc feidhme aerspáis. Gníomhóidh an Comhordaitheoir ar bhonn sainordaithe ó na Ballstáit go léir lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ó thríú tíortha a bhfuil páirt á glacadh acu sa bhloc feidhme aerspáis céanna.~~

~~3. Gníomhóidh an Comhordaitheoir go neamhchlaonta go háirithe maidir le Ballstáit, le tríú tíortha, leis an gCoimisiún agus leis na geallsealbhóirí.~~

~~4. Ní nochtfaidh an Comhordaitheoir aon fhaisnéis a gheobhaidh sé nó sí le linn a fheidhm nó a feidhm a chomhlíonadh ach amháin i gcás ina n-údaraíonn an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann, agus i gcás inarb iomchuí, tríú tíortha lena mbaineann, dó nó di déanamh amhlaidh.~~

